

31.1.2024

A9-0014/226

Leasú 226

Christophe Clergeau

thar ceann an Ghrúpa S&D

Tuarascáil

A9-0014/2024

Jessica Polfjärd

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha (COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Togra le haghaidh rialachán

Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

I gcásanna nach bhfuil sé indéanta modh anailiseach a sholáthar a bhraitheann, a shainnithníonn agus a chainníochtaíonn, má thugann an t-iarratasóir údar cuí leis **nó** má thugann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 i gcrích é le linn an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 20(4), déanfar na rialacha mionsonraithe maidir le ceanglais modha anailiseacha a chomhlíonadh a oiriúnú mar a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27, pointe (e) agus sa treoraíocht dá dtagraítear in Airteagal 29(2);

I gcásanna nach bhfuil sé indéanta modh anailiseach a sholáthar a bhraitheann, a shainnithníonn agus a chainníochtaíonn, má thugann an t-iarratasóir údar cuí leis **agus** má thugann Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 i gcrích é le linn an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 20(4), déanfar na rialacha mionsonraithe maidir le ceanglais modha anailiseacha a chomhlíonadh a oiriúnú mar a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27, pointe (e) agus sa treoraíocht dá dtagraítear in Airteagal 29(2);

Or. en

31.1.2024

A9-0014/227

Leasú 227

Christophe Clergeau

thar ceann an Ghrúpa S&D

Tuarascáil

A9-0014/2024

Jessica Polfjärd

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha (COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Togra le haghaidh rialachán

Airteagal 19 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) ***i gcás inarb iomchuí***, plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE, lena n-áirítear togra maidir le ré an phlean faireacháin. ***D'fhéadfadh an ré sin a bheith difriúil ó fhad an údaraithe. Más rud é***, bunaithe ar thorthaí ***aon scaoilte a fógraíodh i gcomhréir le Roinn 1***, torthaí an mheasúnaithe riosca comhshaoil, saintréithe an phlanda TGN, saintréithe agus scála a úsáide ionchais agus saintréithe na timpeallachta glactha, go measann an t-iarratasóir, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27, pointe (d), ***go bhfuil plean faireacháin riachtanach maidir leis an bplanda TGN***, féadfaidh ***an t-iarratasóir*** a mholadh gan plean faireacháin ***a chur isteach***.

(b) plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE, lena n-áirítear togra maidir le ré an phlean faireacháin. ***I gcás inar iarraidh ar athnuachan é an t-iarratas agus más*** rud é go bhfuil sé bunaithe ar thorthaí na ***tuarascála faireacháin nó i bhfianaise*** thorthaí an mheasúnaithe riosca comhshaoil ***ar aon phlanda TGN de Chatagóir 2 arna scaoileadh nó ar aon bhia nó beatha ina bhfuil planda TGN 2 de Chatagóir 2 nó atá comhdhéanta de***, saintréithe an phlanda TGN, saintréithe agus scála a úsáide ionchasaí agus saintréithe na timpeallachta glactha, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27, pointe (d), féadfaidh an ***t-údarás inniúil*** a mholadh ***nach gceanglófaí leanúint den*** phlean faireacháin

Or. en

31.1.2024

A9-0014/228

Leasú 228
Christophe Clergeau
thar ceann an Ghrúpa S&D

Tuarascáil
Jessica Polfjärd

A9-0014/2024

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 20 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. Déanfaidh saotharlann tagartha an Aontais tástáil agus bailíochtú ar an modh braite, sainaitheanta agus cainníochtaithe arna mholadh ag an iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 19(2) **nó déanfaidh sí measúnú i dtaobh** an bhfuil údar maith leis an bhfaisnéis a chuireann an t-iarratasóir ar fáil chun módúlachtaí oiriúnaithe a chur i bhfeidhm chun ceanglais an mhodha braite **dá dtagraítear sa mhír** sin a chomhlíonadh.

4. Déanfaidh saotharlann tagartha an Aontais an modh braite, sainaitheantais agus cainníochtaithe atá molta ag an iarratasóir a thástáil agus a bhailíochtú i gcomhréir le hAirteagal 19(2). **Má** thugann an t-iarratasóir údar le rialacha mionsonraithe oiriúnaithe a chur i bhfeidhm chun ceanglais an mhodha braite a chomhlíonadh, **déanfaidh saotharlann tagartha an Aontais a taighde agus a hanailísí féin chun an neamh-índéantacht maíte a dheimhniú**. Sa **chás** sin, **spreagfar cinneadh shaotharlann tagartha an Aontais agus cuirfear ar fáil don phobal é**.

Or. en

31.1.2024

A9-0014/229

Leasú 229
Christophe Clergeau
thar ceann an Ghrúpa S&D

Tuarascáil
Jessica Polfjärd

A9-0014/2024

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 32 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 32a

*Pionóis agus an cinneadh a tharraingt
siar*

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann le pionóis is infheidhme i gcás nach nochtfar aon fhaisnéis a iarrtar i nós imeachta fíorúcháin nó i nós imeachta um údarú a leagan síos. Féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh a tharraingt siar.

Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Ní mór an cinneadh maidir le tarraingt siar a sheoladh tríd an litir cláraithe chuig tairbhí an chinnidh, agus nach mór 15 lá a thabhairt dó chun barúlacha a thabhairt. Sa chás sin, tá toirmeasc ar phlanda TGN nó ar tháirge TGN a mhargú ón lá tar éis an dáta a fhaightear an litir chláraithe.

Cuirfidh na Ballstáit na rialacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile gan mhoill. Tabharfar fógra gan mhoill faoi aon chinneadh a dhéanfar ina dhiaidh sin maidir le pionóis nó tarraingt siar.

Or. en

31.1.2024

A9-0014/230

Leasú 230
Christophe Clergeau
thar ceann an Ghrúpa S&D

Tuarascáil
Jessica Polfjärd

A9-0014/2024

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 33 a (nua)
Treoir 98/44/CE
Airteagal 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal33a

Leasuithe ar Threoir 98/44/CE

In Airteagal 8, cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

‘3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, an chosaint a thugtar le paitinn d’ábhar bitheolaíoch a bhfuil saintréithe sonracha aige de thoradh an aireagáin, ní leathnóidh sí chuig ábhar bitheolaíoch ag a bhfuil na tréithe céanna a fhaightear go neamhspleách ar an ábhar bitheolaíoch paitinnithe agus ó phróisis atá bitheolaíoch go bunúsach, ná go dtí ábhar bitheolaíoch a fhaightear ó ábhar den sórt sin trí iomadú nó iolrú.’

Or. en

31.1.2024

A9-0014/231

Leasú 231
Christophe Clergeau
thar ceann an Ghrúpa S&D

Tuarascáil
Jessica Polfjärd

A9-0014/2024

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Togra le haghaidh rialachán
Iarscríbhinn III – Cuid 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Tréithe gan cur i bhfeidhm na ndreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 22 a áireamh: frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí.

Tréithe gan cur i bhfeidhm *an chórais is infheidhme maidir le plandaí TGN de chatagóir 1 agus* na ndreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 22 a áireamh:

(1) frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí

(2) plandaí a tháirgeann a lotnaidicídí féin

Or. en